**Leasú 1**
**Gabriel Mato, Željana Zovko, José Manuel García-Margallo y Marfil**
thar ceann an Ghrúpa PPE

**Tuarascáil A9-0017/2024**
**María Soraya Rodríguez Ramos, Samira Rafaela**
Creat-Chomhaontú Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile
(2023/0260R(NLE))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 2**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. á chur in iúl gur geal léi an Cruinniú Mullaigh idir an tAontas agus CELAC i mí Iúil 2023 agus an gealltanas an chomhpháirtíocht straitéiseach sin a dhoimhniú tuilleadh bunaithe ar luachanna agus prionsabail chomhroinnte agus ar naisc stairiúla, teanga, chultúrtha agus shóisialta; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá idirphlé dé-réigiúnach rialta agus á chur in iúl gur mór aici ról cuiditheach na Sile san idirphlé dé-réigiúnach sin, agus ar an leibhéal iltaobhach chomh maith; | 2. á chur in iúl gur geal léi an Cruinniú Mullaigh idir an tAontas agus CELAC i mí Iúil 2023 agus an gealltanas an chomhpháirtíocht straitéiseach sin a dhoimhniú tuilleadh bunaithe ar luachanna agus prionsabail chomhroinnte agus ar naisc stairiúla, teanga, chultúrtha agus shóisialta; ***á thabhairt chun suntais go bhféadfadh ról dearfach a bheith ag an diaspóra Eorpach sa tSile maidir leis an gcaidreamh frithpháirteach a dhoimhniú tuilleadh agus maidir leis an gcomhar a fheabhsú;*** á chur i bhfáth a thábhachtaí atá idirphlé dé-réigiúnach rialta agus á chur in iúl gur mór aici ról cuiditheach na Sile san idirphlé dé-réigiúnach sin, agus ar an leibhéal iltaobhach chomh maith; |

Or. en